# RABHADH

Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.

Scríobh do Scrúduimhir anseo

| |
|---|
| |

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

---

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

---

# ROINN 1 – FILLTEÁN

---

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – IARNÓIN, 1.30 go 3.30**

---

**N.B. TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH.**

**ROINN 1 (60 MARC)**
Ní mór **GACH** ceist a fhreagairt.
Tá rogha agat **LAISTIGH de 4 cheist.**
Déan deimhin den fhillteán seo a thabhairt ar ais
in éineacht le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanfaidh tú sin, caillfidh tú marcanna.

**1.** **An Domhan á Chumadh – Carraigeacha**

Taispeánann an fótagraf seo píosa de ghaineamhchloch.
Cén cineál carraige í gaineamhchloch?

Carraig Mheiteamorfach ☐

Bruthcharraig ☐


Carraig dhríodair ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]



**Gaineamhchloch**

**2.** **Plátaí Screimhe an Domhain**




Taispeánann an léaráid seo cuid de phlátaí screimhe an domhain :
Is é a ghlaoitear ar an gcineál gné a fhaightear ag A ná:

Ilchríoch ☐

Iomaire Lár-Aigéin ☐

Blocshliabh ☐

Fáinne na Tine ☐ [Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**3.** **Síonchaitheamh**

Conas a scoilteadh an charraig mhór a thaispeántar san fhótagraf seo?



Síonchaitheamh meicniúil ☐

Sil-leagan ☐


Síonchaitheamh ceimiceach ☐

Plandaí agus ainmhithe ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**4.** **Gnéithe Abhann**

Sainaithin an ghné de shil-leagan abhann atá marcáilte le **X** sa léaráid seo.




Eas ☐

Lúb ☐

Gob gainimh ☐

Deilt ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

5. **<u>Dromchla an Domhain á chumadh</u>**

Freagair **5A NÓ 5B.**

**5A <u>Gnéithe an Chósta</u>**



Is é a ghlaoitear ar an dtírghné chósta sa phictiúr seo ná:

Deilt ☐

Gob gainimh ☐


Ardán tonnghearrtha ☐

Pluais ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**<u>NÓ</u>**

**5B <u>Oighriúchán</u>**




Le sil-leagan oighreach a chruthaítear an ghné a thaispeántar sa léaráid seo.
Is é a ghlaoitear air ná:

Eiscir ☐

Moiréan ☐

Droimnín ☐

Airéit ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

## 6. Daonra

Freagair **6A NÓ 6B.**

### 6A Imirce

Bíonn tionchar ag **tosca Brú agus tosca Tarraingthe** ar an imirce.

Cé acu ceann díobh seo a leanas a dhéanann tagairt do **thosca brú** amháin?

Easpa post; ospidéil níos fearr ☐

Níos mó scoileanna; poist bhreise i monarchana ☐

Easpa seirbhísí; gan dóthain post a bheith ar fáil ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**NÓ**

### 6B Daonra

Cé acu ceann de na gnéithe seo a leanas a bhíonn i gceist i n**dlús daonra an-ard?**

Rátaí ísle pósta, daoine ag fágáil feirmeacha ☐

Ganntanas uisce ghlan, róphlódú ☐

Rátaí ísle pósta, leithlisiú polaitiúil agus eacnamaíoch ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]




THALL →

**7.** **<u>An tAtmaisféar Corrach</u>**

Freagair **7A NÓ 7B.**

**7A** **<u>An Aimsir</u>**

Sa léarscáil aimsire seo taispeántar réimse lagbhrú amach ó chósta thiar na hÉireann. Is é an aimsir is dóichí a bheidh in Éirinn ná:




Fuar, fliuch agus gaofar ☐

Te agus grianmhar le spéartha glana ☐

Ciúin agus ceomhar ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**<u>NÓ</u>**

**7B** Déan staidéar ar an léarscáil aimsire i gCeist **7A** thuas. Ceanglaíonn na línte bána ar an léarscáil **áiteanna atá ar comh-bhrú atmaisféarach**.
Is é a ghlaoitear ar na línte sin ná:

Isihéilí ☐

Iseabair ☐

Isihiaítí ☐

Isiteirmeacha ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**8 <u>Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha agus an tIompar</u>**

Freagair **8A NÓ 8B.**

**8A <u>Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha</u>**

Cé acu ceann díobh seo atá ina ghníomhaíocht eacnamaíoch **Thánaisteach**?

Mianadóireacht ☐

Déanamh ríomhairí ☐

Múinteoireacht ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**<u>NÓ</u>**

**8B <u>Iompar agus Tionscal</u>**

An cineál iompair is oiriúnaí chun earraí a thabhairt chuig **eastát tionsclaíoch** atá suite ar imeall cathrach ná:

Long ☐

Eitleán ☐

Leoraí ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**9.** Is é atá sa **Láisteadh** ná:

Fásra a dhíláithriú ag leathadh fásach ☐

Uisce a thabhairt chun talamh tirim a uisciú ☐

Cothaithigh phlandaí agus mhianraí a scuabadh go domhain isteach sa talamh sa chaoi nach féidir le fréamhacha plandaí iad a shroicheadh. ☐

Cumhacht leictreach a chruthú ó uisce reatha ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

## 10. **Gréasán Bóithre na hÉireann**

Déan staidéar ar an léarscáil seo de ghréasán bóithre na hÉireann.
In Éirinn, is é an gnáthchlaonadh atá sna príomhbhóithre ná:

Ritheann siad ón Deisceart go dtí an Tuaisceart ☐

Seachnaíonn siad aibhneacha ☐

Ceanglaíonn siad bailte eile le Baile Átha Cliath ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]




## 11. **Treo**

Dá mbeifeá ag taisteal ó Bhéal Feirste go Luimneach, cén **treo** a mbeifeá ag taisteal?


Ón Thiar Thuaidh go dtí an Thoir Thuaidh ☐

Ón Thoir Thuaidh go dtí an Thiar Theas ☐

Ón Thiar Thuaidh go dtí an Thoir Theas ☐

Ón Deisceart go dtí an Tuaisceart ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]



**12.** **Sliocht Suirbhéireacht Ordanáis**

Tá an pointe is airde ar an sliocht i gcearnóg eangaí:

| | |
|---|---|
| **V 89 87** | ☐ |
| **V 95 87** | ☐ |
| **V 87 91** | ☐ |
| **V 88 85** | ☐ |


[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**13.** **Lonnaíocht**

Taispeánann an léarscáil seo an lonnaíocht ar fheirmeacha i dtailte Poldair na hÍsiltíre.
Is é an patrún lonnaíochta a fheictear anseo ná:

| | |
|---|---|
| Líneach | ☐ |
| Scaipthe | ☐ |
| Cnuasta | ☐ |

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]







**THALL →**

## 14. **Feidhm**

**Sa léarscáil seo taispeántar Dún Laoghaire i gCo. Bhaile Átha Cliath.**




Cad é **príomhfheidhm** Dhún Laoghaire?

Cosaint ☐

Reiligiúnach ☐

Calafort Farraige ☐

Príomhchathair ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**15.** **Tithíocht**

Féach go cúramach ar an bpictiúr seo. Is é an áit ina bhfaightear an cineál seo tí de ghnáth ná:



Bruachbhailte ☐

Lár na cathrach ☐

Lárcheantar Gnó ☐

Crios Tionsclaíochta ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**16.** **Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha Príomhúla**

| | | |
|---|---|---|
| **Treabhadh** | **Crú (bleán) na mBó** | **Síolchur** |
| **Beathú ainmhithe** | **Baint cruithneachta** | **Leathadh leasacháin** |

Is samplaí iad sin de rud amháin thíos:

Córas Feirme ☐


Próisis Feirme ☐

Aschuir Feirme ☐

Ionchuir Feirme ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

## 17. Léaráidí Staitistice




Rinne tíortha an Aontais Eorpaigh (AE) sprioc a leagan síos chun astuithe (leibhéil) na ngás ceaptha teasa a laghdú faoi 2002. Taispeánann an t-eolas sa ghraf thuas:

Gur laghdaigh Éire astuithe (leibhéil) na ngás ceaptha teasa ó 1990 ☐

Faoi 1997, go raibh Éire imithe os cionn sprioc astuithe an AE do gháis cheaptha teasa agus go bhfuil sé méadaithe go tapa ó shin i leith. ☐

Nár shroich Éire go fóill an sprioc a bhí leagtha síos ag an AE d’astuithe (leibhéil) na ngás ceaptha teasa ☐

Nach bhfuil athrú ar bith ar astuithe (leibhéil) na ngás ceaptha teasa in Éirinn ó 1997 i leith ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**18.** **Tagairtí Eangaí**

Féach ar an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Is é an ghné lonnaíochta atá suite ag **V 892 903** ná:

Cloch Oghaim ☐

Mainistir ☐

Gallán ☐

Caisleán ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**19.** **Cúnamh don Deisceart**

Cé acu ceann díobh seo a leanas a thugann **Cúnamh Iltaobhach** do thíortha i mbéal forbartha?

Na Náisiúin Aontaithe ☐

Rialtas na Stát Aontaithe ☐

GOAL agus Trócaire ☐

Comhairlí Contae ☐

[Cuir tic √ sa bhosca ceart.]

**20.** **Mná i mBun Oibre**

| Cineál Fostaíochta | FIREANN | BAINEANN |
|---|---|---|
| Feirmeoireacht, Iascaireacht agus Foraoiseacht | 89,086 | 7,193 |
| Oibrithe Déantúsaíochta (Monarchana) | 182,306 | 42,714 |
| Oibrithe Foirgníochta agus Tógála | 133,961 | 2,737 |
| Obair oifige, bainistíocht agus oibrithe rialtais | 114,726 | 203,839 |
| Tráchtáil agus Díolacháin | 121,627 | 118,288 |
| Oibrithe Seirbhísí | 69,564 | 101,014 |
| Oibrithe Cumarsáide agus Iompair | 92,488 | 9,956 |

**Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2002 – Slite Beatha**

Déan staidéar ar an tábla thuas agus ansin cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart **i ngach ceann** de na ráitis thíos:

Tá níos mó oibrithe *fireanna / baineanna* ag obair mar 'Oibrithe Seirbhísí'
Tá níos mó oibrithe *fireanna / baineanna* ag obair sa rannóg 'Feirmeoireacht, Iascaireacht agus Foraoiseacht'
Tá níos mó oibrithe baineanna ag obair sa rannóg *"Tráchtáil agus Díolacháin" / 'Déantúsaíocht'*.

**Leathanach Bán**